An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

**Ciorclán 0045/2025**

Chuig: Údaráis Bhainistíochta, Príomhoidí na nIar-bhunscoileanna Aitheanta, agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

## Srian a chur ar fhóin phóca phearsanta a bheith á n-úsáid agus á rochtain ag scoláirí le linn an lae scoile

Ceanglaítear ar scoileanna beartas a chur chun feidhme chun srian a chur ar fhóin phóca phearsanta a bheith á n-úsáid agus á rochtain ag scoláirí i ngach scoil aitheanta le linn an lae scoile ar fad.
Is é is aidhm don bheartas seo tacú le scoileanna na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- feabhas a chur ar an timpeallacht foghlama i scoileanna trí chur isteach a laghdú
- laghdú a dhéanamh ar an mbaol cibearbhulaíochta agus ar rochtain ar inneachar míchuí le linn uaireanta scoile
- caidreamh sóisialta traidisiúnta a mhéadú i measc scoláirí le linn amanna sosa scoile.

Cé go bhfuil úsáid fón póca pearsanta ag scoláirí le linn an lae scoile á mbainistiú ag scoileanna cheana féin trí bheartais atá ann cheana, lena n-áirítear an Beartas um Úsáid Inghlactha, táthar ag súil leis anois go ndéanfaidh scoileanna beartas a chur ar bhonn foirmiúil agus a chur chun feidhme chun srian a chur ar úsáid fón póca pearsanta ag scoláirí le linn an lae scoile, lena n-áirítear le linn sosanna agus ag am lóin. Ba cheart an beartas seo a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoile agus a chur ar fáil do scoláirí agus tuismitheoirí. Ba cheart é a bheith faoi réir athbhreithniú leanúnach, de réir mar is gá, freisin.

Leis an mbeartas seo, cuirfear leis na beartais scoile atá ann cheana sa réimse seo, agus cumasófar do leanaí agus daoine óga dícheangal óna ndomhan ar líne agus ceangal a thuilleadh lena bpiaraí le linn an lae scoile ar fad.

Níl feidhm ag an srian ar úsáid fón maidir le taisteal chuig an scoil agus ar ais uaithi ná le linn gníomhaíochtaí/staidéar iarscoile, agus féadfar an úsáid sin a bhainistiú de réir nósanna imeachta lánroghnacha na scoileanna.

Gné ríthábhachtach den bheart seo is ea comhairliúchán leis an bpobal scoile.

Clár Ábhar

**Cúlra** .......... **2**

**Cuspóir na Treorach** .......... **3**

**An teicneolaíocht dhigiteach a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú** .......... **3**

**Comhairliúchán leis an bPobal Scoile** .......... **4**

Ba cheart iad seo a leanas a bheith i measc na dtopaicí lena mbreithniú le linn an chomhairliúcháin: .......... 5

Beartais Ábhartha Scoile .......... 6

**Sásraí le haghaidh an beartas a chur chun feidhme** .......... **7**

**Na díolúintí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm** .......... **8**

**Tosca Soláthair** .......... **8**

**Cistiú** .......... **9**

**Tacaí agus acmhainní breise** .......... **9**

## Cúlra

- Imríonn scoileanna ról ríthábhachtach maidir le folláine agus meabhairshláinte a chur chun cinn tríd an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn uathu a thabhairt do leanaí agus daoine óga ionas gur féidir leo déileáil leis na dúshláin a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a bhfolláine.
- Aithnítear go mbíonn an teicneolaíocht ag athrú i gcónaí agus gur gné mhéadaitheach den ghnáthshaol laethúil í. Mar sin féin, is féidir le húsáid iomarcach fón póca, agus le ham scáileáin i gcoitinne, drochthionchar a imirt ar dhíriú agus feidhmíocht acadúil scoláirí. Trína chinntiú nach mbíonn scoláirí ag úsáid a bhfóin póca le haghaidh úsáid phearsanta le linn an lae scoile, cabhraítear le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin agus le timpeallacht a chothú atá fabhrach don fhoghlaim, agus tacaítear le caidreamh i bpearsa idir piaraí.
- Ach amháin i gcás roinnt bheag eisceachtaí, is é an toradh a bheidh ar an mbeartas chun srian a chur ar úsáid fón ag scoláirí le linn an lae scoile ná go gcumasófar do scoileanna timpeallacht atá saor ó fhóin a

sholáthar chun tacú le folláine, díriú, feidhmíocht acadúil agus forbairt scoláirí. Ar an tslí sin, tabharfar do leanaí agus daoine óga spás inar féidir leo dícheangal óna ndomhan ar líne, agus cabhrófar lena spleáchas ar a bhfón póca a laghdú.

- Leanfar le leas a bhaint as taighde chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus acmhainní na Roinne sa réimse seo, lena n-áirítear an Tuarascáil Faireacháin Oideachais Dhomhanda ó UNESCO dar teideal *Technology in Education: a tool on whose terms?*, agus an Tuarascáil ó Choiste na hIorua um Úsáid Scáileáin maidir leis an tionchar a imríonn úsáid fón póca le linn an lae scoile ar fholláine agus ar fheidhmíocht acadúil.

## Cuspóir na Treorach

Leagtar amach sa treoir seo na bearta ba cheart do scoileanna a dhéanamh chun an cur chuige seo a chur chun feidhme. Leagtar amach inti freisin na tacaí atá i bhfeidhm ag an Roinn chun an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn ó leanaí agus daoine óga a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo a mbealach a dhéanamh tríd an domhan ar líne ar bhealach sábháilte eiticiúil. Áirítear leis sin comhairle chuimsitheach do thuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine óga, mar aon le hacmhainní do scoileanna agus múinteoirí.

## An teicneolaíocht dhigiteach a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú

Is leagtha amach sa Straitéis Dhigiteach Do Scoileanna go dtí 2027 agus sa Phlean Cur Chun Feidhme a ghabhann léi atá beartas na roinne maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach san oideachas.
Tá sé mar aidhm leis an straitéis leas a bhaint as an acmhainneacht atá ag teicneolaíochtaí digiteacha chun eispéiris foghlama scoláirí a bhunathrú ionas go bhfaighidh gach foghlaimeoir an deis chun an t-eolas agus na scileanna a ghnóthú a theastaíonn uathu chun a mbealach a dhéanamh go rathúil trí dhomhan digiteach a bhíonn ag athrú de shíor. Tá an cur chuige sin ag teacht le prionsabail chearta digiteacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Cé go luaitear sa Choinbhinsiún sin go bhfuil an ceart chun cosanta agus sábháilteachta sa timpeallacht dhigiteach mar bhonn agus taca ag na cearta uile atá ag leanaí, toisc go ndéanann an baol dochair sa timpeallacht dhigiteach fíordhifear d'fholláine an linbh, luaitear ann freisin go n-áirítear leis an gceart chun oideachais inniu an ceart chun inniúlachta digití agus an ceart chun deiseanna agus acmhainní a fháil chun foghlaim sa timpeallacht dhigiteach.
Agus iad ag dul i gcomhairle lena bpobal scoile, ba cheart do scoileanna aird a tharraingt ar an bPlean Foghlama Digití uathu, chun breac-chuntas a thabhairt ar an gcur chuige a ghlactar i leith teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc agus san fhoghlaim sa scoil. Ba cheart an difríocht idir úsáid acadúil na teicneolaíochta digití agus úsáid neamhacadúil na teicneolaíochta digití a

shoiléiriú, lena n-áirítear úsáid gléasanna atá cumasaithe don Idirlíon. Tá ríthábhacht ag baint go fóill le cumas digiteach – lena n-áirítear inniúlacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin – a fhorbairt i measc leanaí agus daoine óga ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach agus páirt iomlán a ghlacadh mar shaoránaigh dhomhanda i ndomhan digiteach. Tá na nithe seo a leanas mar chuid de fhreagairt na Roinne Oideachais don soláthar scileanna digiteacha agus inniúlachta digití laistigh de shuíomhanna chúram agus oideachas na luath-óige agus laistigh de shuíomhanna scoile:

- Curaclam – an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach.
- An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027
- An Ráiteas Polasaí um Oideachas STEM 2017-2026
- An Creat Foghlama Digití
- An Straitéis maidir le Litearthacht, Uimhearthacht agus Inniúlacht Dhigiteach 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go hAois Duine Óig Fhásta

## Comhairliúchán leis an bPobal Scoile

Tá scoileanna oilte agus seanchleachta ar chaidreamh a dhéanamh lena bpobal scoile ar chuid mhór saincheisteanna difriúla. Tuigeann siad na tairbhí a bhaineann le comhairliúchán a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí, scoláirí, múinteoirí agus baill foirne chun tacú le beartais scoile a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus tá struchtúir i bhfeidhm acu chun an caidreamh sin a éascú. Ba cheart do scoileanna tacú le cur chun feidhme an bheartais seo trí na sásraí comhairliúcháin atá ar bun acu cheana, ar féidir go bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leo:

- seisiúin faisnéise le scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus baill foirne scoile, le comhairlí scoláirí nó le sásraí comhchosúla eile atá ar bun i scoileanna
- caidreamh le cumainn tuismitheoirí
- ceardlanna agus/nó fócasghrúpaí
- ceistneoirí agus suirbhéanna
- gnáthchruinnithe foirne idir baill foirne teagaisc, baill foirne neamhtheagaisc agus ceannairí scoile
- coistí sonracha scoile, amhail foireann tacaíochta scoláirí na scoile nó a coibhéis.

**Ba cheart iad seo a leanas a bheith i measc na dtopaicí lena mbreithniú le linn an chomhairliúcháin:**

- a chuí atá sé cead a thabhairt do scoláirí a bhfón póca a thabhairt leo ar scoil ach a cheangal orthu an tráth céanna a bhfón a bheith curtha as acu i gcónaí ach amháin i gcás go bhfaigheann siad díolúine ó bhall foirne.
- cé acu ba cheart nó nár cheart don scoil sásra ar leith a úsáid chun an srian a chur chun feidhme; mar shampla, cófraí, taisceadáin, púitsí, fóin a fhágáil isteach ag oifig na scoile, etc. Ba cheart riarachán agus praiticiúlacht a chur san áireamh. Tá roinnt samplaí de chleachtais atá ann cheana leagtha amach ar bhealach níos mine thíos.
- conas díolúintí ón srian a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm i gcásanna riachtanais shainaitheanta chomhaontaithe, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar conas eisceachtaí den sórt sin a riar (mar shampla, nós imeachta iarratais, sásra measúnaithe agus achomhairc, agus socruithe do scoláirí aonair ar scoil). Tá roinnt cásanna ar féidir gur gá iad a bhreithniú leagtha amach thíos. Ba cheart do scoileanna breithniú a dhéanamh ar na socruithe réasúnacha is féidir a chur i bhfeidhm nó a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo. Ba cheart aon díolúintí a bheith bunaithe ar fhorais chóra thrédhearcacha.
- an cur chuige atá le glacadh i leith gníomhaíochtaí seach-churaclaim nó gníomhaíochtaí a sheoltar lasmuigh den scoil ach a ndéanann an scoil iad a eagrú agus a fhormhaoirsiú. Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an srian ar fud an lae scoile ar fad. Is féidir go mbeidh roinnt solúbthachta ag teastáil, áfach, nuair a bheidh gníomhaíochtaí scoile ar siúl lasmuigh de thailte scoile. Níor cheart an tsolúbthacht sin a bhreithniú ná a chur i bhfeidhm ach amháin a mhéid is gá chun críocha éagsúla, lena n-áirítear cumhdach agus cúiseanna socraithe eile amhail scoláirí a bheith á mbailiú ag tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás go dtagann athruithe ar shocruithe nó i gcás nach mór do scoláirí imeacht gan choinne.
- níl gníomhaíochtaí a sheoltar lasmuigh d’uaireanta scoile ach a meastar gur gníomhaíochtaí scoile iad – amhail staidéar iarscoile agus cleachtaí do sheónna scoile – faoi réir an tsriain seo; féadfar roinnt teorainneacha ina leith sin a chur i bhfeidhm, áfach, le comhaontú ón bpobal scoile.

- cé acu is gá nó nach gá do scoláirí fóin phóca phearsanta a úsáid chun tacú leis an soláthar teagaisc agus foghlama i gcoitinne nó chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais shonracha bhreise acu, agus conas beartas a chur chun feidhme chun an méid sin a éascú.

## Beartais Ábhartha Scoile

Ba cheart don scoil na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha atá i bhfeidhm aici cheana a athbhreithniú, agus ba cheart di iad a nuashonrú, más gá. Is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas i gceist leis sin:

**Beartas um Úsáid Inghlactha** – mionsonraítear sa bheartas seo úsáid inghlactha gléasanna atá cumasaithe don Idirlíon agus úsáid inghlactha gléasanna gaolmhara sa scoil. Ní mór an beartas seo a bheith comhaontaithe agus sínithe ag scoláirí agus ag a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Tá comhairle ar fáil ar Webwise ag Webwise - Sábháilteacht Idirlín

- **Beartas *Bí Cineálta*** – is ionann an beartas seo agus beartas na scoile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Sa doiciméad *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2024*, ceanglaítear ar scoileanna beartas *Bí Cineálta* a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina leagtar amach conas a choisceann an pobal scoile iompraíocht bhulaíochta agus a théann sé i ngleic léi. Sa bheartas *Bí Cineálta*, ba cheart straitéisí a bheith ann atá dírithe go sonrach ar na cineálacha iompraíochta seo a leanas a chosc, de réir mar is cuí: iompraíocht bhulaíochta ar líne; iompraíocht bhulaíochta homafóbaí agus trasfhóbaí; iompraíocht bhulaíochta ciníche; agus iompraíocht bulaíochta gnéasaíche agus ciapadh gnéasach.

- **Beartas um Chosaint Sonraí** – ba cheart an beartas seo a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá. Tá faisnéis ar fáil ag www.dataprotectionschools.ie chun tacú le scoileanna forbairt leanúnach a dhéanamh ar bheartais um chosaint sonraí.

- **Cód Iompraíochta** – ba cheart an cód seo agus na beartais ghaolmhara a athbhreithniú agus a nuashonrú chun aird a thabhairt ar an srian ar úsáid fón póca pearsanta i scoileanna, ach amháin i

gcás go bhforáiltear go sainráite don úsáid sin trí dhíolúine chomhaontaithe, nó de réir mar a threoraíonn múinteoir/ball cuí d’fhoireann na scoile. Sa bheartas, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag an scoil do chásanna nach gcloíonn scoláirí leis an srian iontu.

- **Beartais agus nósanna imeachta um Chosaint Leanaí, lena n-áirítear díolúintí a bhainistiú.**

- **Folláine** – Ba cheart beartas folláine na scoile a athbhreithniú chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ann ar úsáid shábháilte eiticiúil an Idirlín a mhéid a bhaineann leis an gcur chuige scoile uile i leith na folláine.

Le linn na bpróiseas comhairliúcháin, ba cheart do scoileanna an deis a thapú chun scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus baill foirne scoile a chur ar an eolas faoi shábháilteacht ar líne i gcoitinne agus faoi na hacmhainní atá ar fáil ón Roinn. Tá tuilleadh faisnéise tugtha thíos chun an méid sin a chumasú.

## Sásraí le haghaidh an beartas a chur chun feidhme

Cé go bhfuil bearta i bhfeidhm ag scoileanna cheana féin chun srian a chur ar úsáid phearsanta fón póca, ba cheart dóibh cur chuige comhsheasmhach a bheith i bhfeidhm acu anois chun a chinntiú go gcuirfear an srian chun feidhme le linn an lae scoile ar fad. Is faoi gach scoil atá sé a chinneadh cén modh a úsáidfear chun na socruithe praiticiúla a chinneadh agus a chomhaontú le haghaidh an cur chuige a chur chun feidhme. Áirítear iad seo a leanas le samplaí a úsáidtear ar fud an chórais:

- púitsí glasála stórála le haghaidh fóin phóca, ar púitsí iad a sholáthraítear do gach scoláire, a dhíghlasáiltear de ghnáth trí shásra maighnéadach agus a rialaíonn an scoil an rochtain atá orthu
- fóin phóca a choinneáil i mboscaí stórála ag taisceadáin nó i mboscaí inghlasáilte i seomraí ranga
- fóin phóca a fhágáil isteach ag oifig na scoile ar theacht isteach sa scoil
- fóin phóca a choinneáil i gcófraí i seomraí ranga nó i limistéir eile

## Na díolúintí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm

Agus iad ag cinneadh conas díolúintí ón srian a chur i bhfeidhm, moltar do scoileanna cur chuige comhbhách ciallmhar a ghlacadh, ar cur chuige é atá cóir agus trédhearcach ó thaobh cur i bhfeidhm de.

Níor cheart feidhm a bheith ag díolúintí ach amháin ar chúiseanna liachta, ar chúiseanna folláine, ar chúiseanna praiticiúla sonracha, nó ar chúiseanna a bhaineann leis na riachtanais speisialta oideachais atá ag scoláirí. Leis na díolúintí, ba cheart scoláirí a cheadú a bhfón a rochtain ar an gcúis shonrach atá leagtha amach sa díolúine, agus ní le haghaidh úsáid ghinearálta.

**Ní uileghabhálach atá na samplaí thíos, agus beidh sé riachtanach díolúintí a bhreithniú ar bhonn cás ar chás.**

Áirítear iad seo a leanas leis na saincheisteanna ar ina leith a d'fhéadfadh údar a bheith ann le díolúintí, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Monatóir glúcóis fola diaibéitis agus/nó sásra seachadta insline.
- Faireachán ar bhrú fola.
- Riochtaí taoma ar gá faireachán a dhéanamh orthu trí aip fón póca a úsáid.
- Riochtaí meabhairshláinte ar ina leith is gá cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí ar bhonn neamhshrianta.
- Riachtanais bhreise nó riachtanais speisialta oideachais, i gcás tascanna sonracha a bhaineann le lagú amhairc, lagú éisteachta nó lagú urlabhra agus teanga an scoláire.
- Rochtain a bheith ag scoláire Béarla mar Theanga Bhreise ar fheidhmchláir shonracha chun tacú le teanga.

## Tosca Soláthair

I gcás, tar éis comhairliúcháin, go gcinnfear go gcuirfear réiteach ar leith chun feidhme, amhail púitse nó bosca glasáilte, ní mór do scoileanna a chinntiú go gcloífidh siad leis an reachtaíocht agus na rialacháin iomchuí soláthair uile agus sásraí den sórt sin á gceannach acu. Chun cabhrú le scoileanna agus chun

comhlíonadh gach ceanglais den sórt sin a chinntiú, tá Creat Soláthraithe Réiteach Stórála Fón Póca á bhunú ag an Roinn lena úsáid ag scoileanna chun réiteach cuí a ndearnadh meastóireacht iomlán air a rochtain go héasca. Fógróidh an Roinn an Creat sin.

## Cistiú

Mar a fógraíodh i mBuiséad 2025, tá cistiú iomlán €9 milliún ar fáil ar fud iar-bhunscoileanna chun soláthar réiteach stórála fón póca a chistiú sa bhliain 2025. Foilseoidh an Roinn mionsonraí faoi conas is féidir le scoileanna cuid den chistiú sin a rochtain, agus soláthróidh sí faisnéis maidir leis na critéir a mbeidh feidhm acu maidir leis an gcistiú. Beidh soláthar breise is fiú suas le €1m ar fáil do gach bliain sna trí bliana tar éis 2025 chun athsholáthar a éascú, bunaithe ar an toimhde nach mbeidh sé riachtanach ach fothacar réiteach a athsholáthar gach bliain.

## Tacaí agus acmhainní breise

Webwise, Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín

- Is ionann Webwise agus Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín, a sholáthraíonn faisnéis agus acmhainní saor in aisce do scoileanna, do theaghlaigh agus do dhaoine óga maidir le sábháilteacht ar líne agus maidir le saoránacht dhigiteach.

- Déanann Webwise acmhainní saor in aisce a fhorbairt agus a scaipeadh, lena gcabhraítear le múinteoirí saoránacht dhigiteach agus sábháilteacht ar líne a chomhtháthú isteach sa teagasc agus san fhoghlaim ina scoil. Soláthraíonn Webwise faisnéis, comhairle agus uirlisí do thuismitheoirí chun tacú lena rannpháirtíocht i saol ar líne a leanaí freisin. Le cabhair ó Phainéal Comhairleach Óige Webwise, cruthaíonn Webwise acmhainní múscailte feasachta agus cláir oiliúna atá dírithe ar an óige, arb acmhainní agus cláir iad lena gcuirtear saoránacht dhigiteach chun cinn agus lena bpléitear le topaicí amhail folláine ar líne agus cibearbhulaíocht.

- Is í an Roinn Oideachais agus Óige a chistíonn Webwise, agus comhchistiú á fháil ón gCoimisiún Eorpach. Tá Webwise mar chuid d'Ionad na hÉireann um Idirlíon Níos Sábháilte. Is ionann Ionad na hÉireann um Idirlíon Níos Sábháilte agus comhpháirtíocht idir ceithre

phríomheagraíocht – Webwise, Hotline.ie, Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) agus Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí. Ag obair dó faoi chomhordú na Roinne Dlí agus Cirt, tá sé mar aidhm aige an tIdirlíon a dhéanamh ina áit níos fearr do leanaí agus daoine óga.

*Oide* (Seirbhís Tacaíochta Oideachais Múinteoirí)

- Is ar bun ag Oide atá foireann thiomnaithe Sláinte agus Folláine a ghníomhaíonn tríd an gcuraclam OSPS chun tacú le múinteoirí agus scoileanna forbairt, sláinte agus folláine phearsanta an scoláire a chothú agus a chur chun cinn, timpeallacht agus cultúr scoile atá dearfach a chruthú, agus bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, lena n-áirítear bulaíocht agus ciapadh ar líne.
- Cuimsíonn an rannán tiomnaithe um Theicneolaíocht san Oideachas atá ar bun ag Oide foirne ceannaireachta foghlama gairmiúla de mhúinteoirí ar iasacht ó na hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile, agus déanann sé raon cuimsitheach clár foghlama gairmiúla múinteoirí a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Áirítear leis sin feabhas a chur ar fhorbairt inniúlachta i measc múinteoirí agus ceannairí scoile chun córas oideachais atá inniúil agus muiníneach ó thaobh cúrsaí digiteacha de a chinntiú, rud a chothóidh forbairt inniúlachta agus tuisceana digití agus eolais dhigitigh i measc ár ndaonra scoláirí, amhail dá bhforáiltear sa churaclam.

Chuir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) raon faisnéise agus tacaí folláine le chéile do scoileanna, scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, agus iad ar fáil ag gov.ie - Folláine san oideachas (www.gov.ie). Soláthraítear i gcatalóg acmhainní liosta neamh-uileghabhálach de dhoiciméid agus acmhainní a soláthraíonn an Roinn Oideachais agus a cuid gníomhaireachtaí, seirbhísí tacaíochta, ranna eile rialtais agus a cuid gníomhaireachtaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iad chun cabhrú le cothú na folláine ar fud pobail scoile. Féach gov.ie – Faisnéis folláine do bhaill foirne scoile – iar-bhunscoil (www.gov.ie)
Tá faisnéis maidir le *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* agus maidir le *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2024*, agus na hacmhainní chun tacú le Beartas *Bí Cineálta* na scoile a chur chun feidhme, ar fáil anseo. Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht

Clare Connolly
Príomhoifigeach (Ag Gníomhú)
Beartas Digiteach do Scoileanna
Meitheamh 2025

.....

…..